Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Samhain 2016**
**(OR. en)**

**14166/16**

**FISC 187**
**ECOFIN 1014**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Samhain 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13918/16 FISC 182 ECOFIN 991 |
| Ábhar: | Na critéir agus an próiseas i ndáil le bunú liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibritheacha chun críocha cánach<br>– Conclúidí ón gComhairle (8 Samhain 2016) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir leis na critéir agus an próiseas i ndáil le bunú liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibritheacha chun críocha cánach, a ghlac an Chomhairle ag an 3495ú cruinniú a bhí aici ar an 8 Samhain 2016.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis na critéir agus an próiseas i ndáil le bunú liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibritheacha chun críocha cánach (*)

**(*)** Chomhaontaigh an Chomhairle na conclúidí seo a fhoilsiú chun críocha faisnéise san Iris Oifigiúil.

Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

1. DEARBHAÍONN SÍ a gealltanas tosaíochta chun leanúint den chomhrac i gcoinne calaois chánach, imghabháil cánach, seachaint cánach agus i gcoinne sciúradh airgid, ar nithe iad a chreimeann boinn chánach na mBallstát;

2. TÁ SÍ DEN TUAIRIM gurb ionann iarrachtaí beartais comhordaithe sa réimse sin ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda, amhail na critéir oibiachtúla a chinneadh chun dlínsí neamh-chomhoibritheacha chun críocha cánach a aithint, agus cuid de bhearta éifeachtacha lena gcuideofar le fás eacnamaíoch agus le cinnteacht chánach;

3. MEABHRAÍONN SÍ na Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis sheachtrach chánach agus bearta i gcoinne mí-úsáid conarthaí cánach an 25 Bealtaine 2016 agus go háirithe pointe 6 go pointe 10 de na conclúidí sin;

4. BEARTAÍONN SÍ go gcinnteoidh an Chomhairle liosta an Aontais de na dlínsí neamh-chomhoibritheacha in 2017;

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI, sa chomhthéacs sin, an t-ullmhúchán a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) agus an Coimisiún Eorpach go dtí seo;

6. FORMHEASANN SÍ an Iarscríbhinn a ghabhann leis na Conclúidí seo agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart an obair a dhéanfar sa réimse seo amach anseo a chomhordú leis na forbairtí a rinneadh go dtí seo san Fhóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun Críocha Cánach agus sa Chreat Cuimsitheach OECD chun Dul i ngleic le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis agus gur cheart don obair sin cur leis na forbairtí sin;

7. IARRANN SÍ go mbeidh ann do chaighdeáin arda idirnáisiúnta dea-rialachais i réimse an chánachais a bhainfidh le trédhearcacht cánach, cánachas cothrom agus bearta frith-BEPS, agus le trédhearcacht cánach go háirithe;

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, maidir le trédhearcacht cánach, gur thug breis agus 100 dlínse gealltanais an Comhchaighdeán Tuairiscithe agus Díchill Chuí maidir le Faisnéis ar Chuntais Airgeadais (CRS) a chur chun feidhme agus déanann sí an staid mar atá a mheas i dtaca leis an bhfaireachán leantach atá a dhéanamh ag an bhFóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críocha Cánach agus an measúnú ar na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Uathmhalartú Faisnéise agus um Malartú Faisnéise arna Iarraidh Sin;

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, maidir le cánachas cothrom agus bearta i gcoinne Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (bearta frith-BEPS), an obair leantach atá á déanamh ag Creat Cuimsitheach na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) chun Dul i ngleic le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis lena n-áirítear obair Fhóram na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta i ndáil le Cleachtais Dhíobhálacha Cánach ar cuid den obair leantach sin í;

10. IARRANN SÍ AR an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) agus ar a foghrúpa ábhartha clabhsúr a chur ar a cuid oibre maidir le roghnú na ndlínsí le haghaidh scagtha, ar bhonn Scórchlár an Choimisiúin Eorpaigh, agus leanúint de bhearta cosanta ar leibhéal an Aontais a fhiosrú a bheidh le formhuiniú ag an gComhairle, i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle, mí na Bealtaine 2016.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS NA CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## I. Na critéir a bhaineann le dlínsí a scagadh d'fhonn liosta an Aontais a bhunú de dhlínsí neamh-chomhoibritheacha

Ba cheart leas a bhaint as na critéir seo a leanas i ndáil le dea-rialachas cánach chun dlínsí a scagadh, d'fhonn liosta an Aontais a bhunú de dhlínsí neamh-chomhoibritheacha chun críocha cánach, i gcomhréir leis na treoirlínte a bhaineann le scagadh. Déanfar comhlíonadh dlínsí i ndáil le trédhearcacht cánach, cánachas cothrom agus cur chun feidhme bhearta BEPS a mheasúnú go carnach sa phróiseas scagtha.

Maidir le scagadh a dhéanfar amach anseo, cuirfidh an Chomhairle na critéir sin in oiriúint, de réir mar is gá, ag féachaint don éabhlóid sna caighdeáin idirnáisiúnta, do rátálacha na gcaighdeán sin amach anseo agus don tábhacht a bhaineann le dul chun cinn leantach agus mear a bheith á dhéanamh ag na dlínsí ábhartha uile sna réimsí sin.

### 1. Critéir i ndáil le trédhearcacht cánach

Na critéir ar cheart do dhlínse a chomhlíonadh d'fhonn go measfaí go bhfuil sí ag cloí le trédhearcacht cánach:

1.1. Critéar tosaigh maidir le caighdeán OECD um Uathmhalartú Faisnéise (AEOI) (an Comhchaighdeán Tuairiscithe - CRS): ba ceart go mbeadh gealltanas tugtha ag an dlínse i dtaobh an phróisis reachtaigh chun CRS a chur chun feidhme go héifeachtach agus go mbeadh an próiseas tosaithe aici, leis na malartuithe tosaigh in 2018 (maidir leis an mbliain 2017) ar a dhéanaí agus ba cheart socruithe a bheith ar bun aici le gur féidir faisnéis a mhalartú leis na Ballstáit uile, faoi dheireadh 2017, trí Chomhaontú Iltaobhach na nÚdarás Inniúil (MCAA) a shíniú nó trí chomhaontuithe déthaobhacha;

Critéar amach anseo maidir le CRS ó 2018 ar aghaidh: ba cheart go mbeadh rátáil "Comhlíontach den Chuid is Mó" ar a laghad ag an dlínse ón bhFóram Domhanda i dtaca le AEOI CRS, agus

1.2. ba cheart rátáil "Comhlíontach den Chuid is Mó" ar a laghad a bheith ag an dlínse ón bhFóram Domhanda i dtaca le caighdeán OECD um Malartú Faisnéise arna Iarraidh sin (EOIR), agus aird chuí á tabhairt don nós imeachta mear, agus

1.3. (le haghaidh stáit cheannasacha) ba cheart ceann amháin de na nithe seo a leanas a bheith fíor maidir leis an dlínse:

i) tá Coinbhinsiún Iltaobhach OECD maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach (MCMAA) i gCúrsaí Cánach, mar a leasaíodh, daingnithe aici nó comhaontaithe le daingniú, tá próiseas an daingnithe ar siúl aici nó tá gealltanas tugtha aici go dtiocfaidh an Coinbhinsiún sin i bhfeidhm laistigh de thréimhse réasúnta ama, nó

ii) tá líonra socruithe um malartú i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2018 atá leathan a dhóthain chun na Ballstáit go léir a chumhdach, agus EOIR agus AEOI á gcumasú go héifeachtach;

(le haghaidh dlínsí neamhcheannasacha) ba cheart ceann amháin de na nithe seo a leanas a bheith fíor maidir leis an dlínse:

i) páirt a ghlacadh sa Choinbhinsiún Iltaobhach maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach (MCMMA), mar a leasaíodh, atá i bhfeidhm aici cheana nó atáthar ag súil lena bheith i bhfeidhm aici laistigh de thréimhse réasúnta ama, nó

ii) tá líonra socruithe um malartú i bhfeidhm acu, nó tá na céimeanna is gá glactha acu chun comhaontuithe malartaithe den sórt sin a thabhairt i bhfeidhm laistigh de chreat ama réasúnta atá leathan a dhóthain chun na Ballstáit go léir a chumhdach, agus EOIR agus AEOI á gcumasú go héifeachtach.

1.4. Critéar amach anseo: i bhfianaise an tionscnaimh le haghaidh faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil a mhalartú ar bhonn domhanda amach anseo, cuirfear gné na húinéireachta tairbhiúla isteach ag céim níos déanaí mar an ceathrú critéar trédhearcachta i gcomhair scagtha.

Ba cheart feidhm a bheith ag an eisceacht seo a leanas go dtí an 30 Meitheamh 2019:

– D'fhéadfaí dlínse a mheas mar dhlínse atá ag cloí le trédhearcacht cánach má chomhlíonann sí dhá cheann ar a laghad, de chritéir 1.1, 1.2 nó 1.3.

Níl feidhm ag an eisceacht seo maidir leis na dlínsí a bhfuil ráta "Neamhchomhlíontach" acu le critéar 1.2 ná maidir leis na dlínsí nach mbeidh ráta "Comhlíontach den Chuid is Mó" ar a laghad faighte acu faoi dheireadh 2018 i dtaca leis an gcritéar sin faoin 30 Meitheamh 2018.

Féachfar ar cheart na tíortha agus na dlínsí a bheidh ar liosta na ndlínsí neamh-chomhoibritheacha atá á ullmhú faoi láthair ag OECD agus comhaltaí G20 a chuimsiú i liosta an Aontais, beag beann ar iad a bheith roghnaithe nó gan a bheith roghnaithe don chleachtas scagtha.

**2. Cánachas cothrom**

Na critéir ar cheart do dhlínse a chomhlíonadh d'fhonn go measfaí go bhfuil sé ag cloí le cánachas cothrom:

2.1. níor cheart go mbeadh bearta cánach fabhracha ag an dlínse a d'fhéadfadh a bheith inmheasta mar bhearta díobhálacha i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh laistigh den Chomhairle ar an 1 Nollaig 1997 maidir le cód iompair do chánachas gnó[1], agus

2.2. Níor cheart don dlínse cúrsaí a éascú do struchtúir nó do shocruithe easchósta arb é is aidhm dóibh brabúis a mhealladh nach de thoradh gníomhaíocht eacnamaíoch iarbhír sa dlínse iad.

[1] IO C 2, 6 Eanáir 1998, lch. 2.

## 3. Bearta frith-BEPS a chur chun feidhme

3.1. Critéar tosaigh ar cheart do dhlínse a chomhlíonadh d'fhonn go measfar go bhfuil sé ag cloí le bearta frith-BEPS a chur chun feidhme:

- ba cheart don dlínse gealltanas a thabhairt, faoi dheireadh 2017, i ndáil le híoschaighdeáin OECD frith-BEPS a comhaontaíodh agus lena gcur chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach.

3.2. Critéar a bheidh ann amach anseo ar cheart do dhlínse a chomhlíonadh d'fhonn go measfaí go bhfuil sé ag cloí le cur chun feidhme bearta frith-BEPS (le cur i bhfeidhm a luaithe a bheidh na hathbhreithnithe ag an gCreat Cuimsitheach ar na híoschaighdeáin a comhaontaíodh tugtha chun críche):

- ba cheart go dtabharfaí measúnú dearfach don dlínse le haghaidh[2] chur chun feidhme éifeachtach na n-íoschaighdeán OECD frith-BEPS a comhaontaíodh.

[2] A luaithe a chomhaontófar an mhodheolaíocht, déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú dá réir sin ar fhoclaíocht an chritéir.

## II. Treoirlínte i dtaca leis an bpróiséas a bhaineann le dlínsí a scagadh d'fhonn liosta an Aontais a bhunú de dhlínsí neamh-chomhoibritheacha chun críocha cánach

1. Ba cheart go gcuirfí an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) tús go pras le scagadh na ndlínsí ábhartha ar bhonn na gcritéar a leagtar amach i gCuid I den Iarscríbhinn seo ionas go bhformhuineoidh an Chomhairle liosta an Aontais de dhlínsí cánach neamh-chomhoibritheacha roimh dheireadh na bliana 2017.

2. Is í an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó), le tacaíocht ó Ardrúnaíocht na Comhairle, a chuirfidh an próiseas scagtha i gcrích agus a dhéanfaidh maoirseacht air. Tabharfaidh seirbhísí an Choimisiúin cúnamh don Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) tríd an obair ullmhúcháin is gá a dhéanamh don phróiseas scagtha i gcomhréir leis na róil mar a shainítear iad faoi láthair faoin gCód Iompair do phróiseas an Chánachais Gnó, ag tagairt go háirithe d'idirphléití a bhí ann roimhe seo le tríú tíortha agus d'idirphléití atá fós ar bun leis na tíortha sin.

3. Sa phróiseas scagtha, ba cheart an obair atá déanta ag an bhFóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críocha Cánach agus ag Creat Cuimsitheach na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) chun Dul i ngleic le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis a mheas.

4. Ba cheart litreacha a sheoladh chuig na dlínsí a roghnófar lena scagadh, faoi Eanáir 2017, ag iarraidh ar na dlínsí sin a bheith páirteach sa phróiseas, agus trédhearcacht iomchuí sa phróiseas sin á háirithiú ag an am céanna.

5. Faoi mhí Feabhra 2017, ba cheart don Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó), i gcás inarb ábhartha, Ballstáit agus/nó a saineolaithe, nó grúpaí díobh a ainmniú chun oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún ar scagadh na ndlínsí ábhartha.

6. Faoi shamhradh 2017 ba cheart go ndéanfaí teagmháil i scríbhinn agus i gcás inar gá, ba cheart go ndéanfaí plé iltaobhach leis na dlínsí lena mbaineann chun páirt níos mó a ghlacadh san idirphlé agus chun réitigh a d'fhéadfadh bheith ann a scrúdú ar ábhair imní a bhaineann le córais chánach na ndlínsí sin, agus chun na gealltanais atá riachtanach a fháil chomh maith. Ba cheart an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) a choimeád ar an eolas agus ba cheart í a bheith rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas sin.

7. Ba cheart toradh an phlé dhéthaobhaigh agus an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leis, a chur i láthair na Meithle um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) faoi Mheán Fómhair 2017.

8. Faoi dheireadh 2017, agus na céimeanna ullmhúcháin atá riachtanach á leanúint ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó), ba cheart don Chomhairle, i gcomhar leis an Meitheal Ardleibhéil um Cheisteanna Cánach, liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibritheacha a fhormhuiniú.

9. Ba cheart go dtabharfaí chun críche in am trátha an obair maidir le bearta cosanta a scrúdú ar leibhéal an Aontais i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle i mí na Bealtaine 2016. Ba cheart aon bhearta cosanta a bheith gan dochar do réimsí ábhartha inniúlachtaí na mBallstát, amhail chun bearta breise a chur i bhfeidhm nó liostaí a bhfuil raon níos leithne acu a choimeád de dhlínsí neamh-chomhoibritheacha ar an leibhéal náisiúnta.

10. A luaithe a bheidh próiseas an liostaithe tugtha chun críche, ba cheart litreacha a sheoladh chuig na dlínsí neamh-chomhoibritheacha liostaithe gan mhoill, agus míniúchán soiléir á thabhairt ar an liostú sin mar aon leis na céimeanna a mbeifear ag súil leo ón dlínse sin d'fhonn í a bhaint den liosta.

11. Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh sé d'acmhainn ag tíortha i mbéal forbartha na caighdeáin trédhearcachta cánach agus íoschaighdeáin frith-BEPS a chur chun feidhme i gcomhréir leis an amlíne chéanna leis na tíortha forbartha, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an gcás sin le linn an phróisis scagtha, ar an gcoinníoll nach bhfuil ardleibhéal gníomhaíochta airgeadais ar bun sna dlínsí sin agus nach bhfuil ionaid airgeadais iontu.

12. Ba cheart don Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) na socruithe iomchuí a fhorbairt tuilleadh ar socruithe iad i dtaca leis na modhanna agus na rialacha mionsonraithe praiticiúla maidir le cur chun feidhme na dtreoirlínte sin chun go ndéanfar próiseas scagtha na ndlínsí a chur chun feidhme go héifeachtach ionas go mbunóidh an Chomhairle liosta an Aontais Eorpaigh de dhlínsí neamh-chomhoibritheacha chun críocha cánach.

13. Ba cheart don Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) ré an chreata ama réasúnta dá dtagraítear i gcritéar 1.3 a shainmhíniú faoi mhí Eanáir 2017, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, mar aon le raon feidhme chur i bhfeidhm chritéar 2.2. I gcomhthéacs chritéar 2.2, ba cheart don Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) meastóireacht a dhéanamh ar chóras cánach corparáide a bheith in easnamh nó ar ráta cánach corparáide ainmniúil a chur i bhfeidhm a bheidh comhionann le nialas nó a bheidh beagnach nialas mar tháscaire a d'fhéadfadh a bheith ann.

14. Ba cheart don Chomhairle an liosta de na dlínsí neamh-chomhoibritheacha a thabhairt cothrom le dáta go rialta , de réir mar is gá, agus na treoirlínte sin á leanúint, ar bhonn faisnéis a chuirfear ar fáil don Choimisiún agus/nó don Ghrúpa um an gCód Iompair (Cánachas Gnó).